CINNEADH (CBES) 2022/2052 ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Deireadh Fómhair 2022

lena leasaítear Cinneadh 2010/638/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht na Guine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 25 Deireadh Fómhair 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/638/CBES ([1]) a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht na Guine.

(2) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh 2010/638/CBES, ba cheart síneadh a chur leis na bearta sriantacha sin go dtí an 27 Deireadh Fómhair 2023.

(3) Measann an Chomhairle gur cheart teideal Chinneadh 2010/638/CBES a leasú.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2010/638/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2010/638/CBES mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

"Cinneadh 2010/638/CBES ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Ghuine";

(2) cuirtear an méid a leanas in ionad Airteagal 8(2):

"2. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 27 Deireadh Fómhair 2023. Déanfar athbhreithniú leanúnach air. Déanfar é a athnuachan nó a leasú, de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nár comhlíonadh a chuspóirí.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 24 Deireadh Fómhair 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. HUBÁČKOVÁ

([1]) Cinneadh 2010/638/CBES ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht na Guine (IO L 280, 26.10.2010, lch. 10).